# BEALTAINE 2021



Ag ceiliúradh na nEalaíon agus na Cruthaitheachta agus muid ag dul in aois
Celebrating the Arts and Creativity as we Age

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council Arts Service





# BEALTAINE 2021

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Fáilte chuig Clár Bhealtaine 2021 de chuid Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo. Féile náisiúnta í Bealtaine a cheiliúrann na healaíona agus an chruthaitheacht i measc daoine atá ag dul in aois. Is tionscnamh í an fhéile de chuid Aostacht & Deiseanna, an eagraíocht náisiúnta a spreagann daoine scothaosta le saol gníomhach agus rannpháirteach a bheith acu.

I measc na n-imeachtaí atá ar chlár Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo i mbliana tá taibhléirithe, comhráite, ceardlanna agus turais agus tá gach imeacht saor in aisce.

Ár mbuíochas leis na healaíontóirí, na hionaid ealaíon, na grúpaí pobail agus na daoine aonair atá ag glacadh páirte i bhFéile Bhealtaine na bliana seo i Maigh Eo.

Tá Bealtaine arna mhaoiniú go straitéiseach ag Comhairle Contae Mhaigh Eo agus ag an gComhairle Ealaíon.

Welcome to Mayo County Council Arts Service's Bealtaine Programme for 2021. Bealtaine is Ireland's national festival celebrating the arts and creativity as we age.

The festival is an initiative of Age & Opportunity, the national organisation that promotes active and engaged living as we get older.

Mayo County Council Arts Service programme this year includes performance's, conversations, workshops and tours and all events are free of charge.

Thank you to all the artists, arts venues, community groups and individuals taking part in this year's Bealtaine Festival in Mayo.

Bealtaine is strategically funded by Mayo County Council and the Arts Council.



Terry McDonagh



Geraldine Mitchell



Anne Walsh Donnelly

# POETRY DAY IRELAND 2021

Bí ag éisteacht le Clár Tommy Marren ar MidWest Radio (96.1fm) ag 9.15am Déardaoin, an 29 Aibreán, uair a mbeidh Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo ag ceiliúradh Lá Éigse Éireann 2021 leis na filí Geraldine Mitchell, Terry McDonagh agus Anne Walsh Donnelly agus iad ag léamh cuid dá bhfilíocht ar an gclár. Is é téama Lá Éigse Éireann 2021 Treonna Nua: Léarscáileanna agus Turais.

Rugadh Geraldine Mitchell i mBaile Átha Cliath. Ó 2000 i leith tá cónaí uirthi i gCoill an Dúin, achar beag taobh thiar de Chluain Cearbán. Is é Mute/Unmute (Arlen House 2020) an ceathrú cnuasach dánta dá cuid. Bhuaigh Geraldine Gradam Patrick Kavanagh as a céad chnuasach, World Without Maps, a foilsíodh in 2011.

Is file agus drámadóir é Terry McDonagh. Mhúin Terry scríbhneoireacht chruthaitheach ag Ollscoil Hamburg agus glacann sé páirt in imeachtaí litríochta ar fud na cruinne. Tá aon chnuasach déag filíochta foilsithe aige.

Tá cónaí ar Anne Walsh Donnelly i gCaisleán an Bharraigh. Is í an t-údar a scríobh an leabhar mangaire filíochta, “The Woman With An Owl Tattoo.” Bronnadh an dara duais ar an leabhar sin i nGradaim Idirnáisiúnta na Leabhar Filíochta in 2020. Foilseofar a cnuasach nua filíochta, “Odd as F*ck,” i mí na Bealtaine 2021.

Dáta: 29 Aibreán
Am: 9.15am
Ardán: Mid-West Radio

*Is tionscnamh de chuid Éigse Éireann é Lá Éigse Éireann.*

*Tá an feachtas seo, GO dTÉ TÚ SLÁN, á reáchtáil a bhuí le hÉire Shláintiúil, tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann, le maoiniú ó Chiste Éire Sláintiúil agus ó chiste Sláintecare, arna chur i láthair ag Pobal.*

Tune into the Tommy Marren Show on MidWest Radio (96.1fm) at 9.15am Thursday April 29 for Mayo County Council Arts Service’s celebration of Poetry Day Ireland 2021 with poets Geraldine Mitchell, Terry Mc Donagh and Anne Walsh Donnelly who will read some of their poetry on the show. The theme of Poetry Day Ireland 2021 is New Directions: Maps and Journeys.

Geraldine Mitchell was born in Dublin. Since 2000 she has lived in Killadoon, a short distance west of Louisburgh. Her fourth collection of poems is Mute/Unmute (Arlen House 2020). Geraldine won the Patrick Kavanagh Award for her first collection, World Without Maps, published in 2011.

Terry McDonagh, is a poet and dramatist. Terry taught creative writing at Hamburg University and takes part in literary events worldwide. He’s published eleven poetry collections.

Anne Walsh Donnelly lives in Castlebar. She is the author of the poetry chapbook, “The Woman With An Owl Tattoo.” It was awarded second prize in the International Poetry Book Awards in 2020. Her new poetry collection, “Odd as F*ck,” will be published in May 2021.

Date: April 29
Time: 9.15am
Platform: Mid-West Radio

*Poetry Day Ireland is an initiative of Poetry Ireland.*

*This KEEP WELL campaign is brought to you with thanks to Healthy Ireland an initiative of the Government of Ireland with funding from the Healthy Ireland Fund and the Sláintecare fund delivered by Pobal.*



John Hoban



Laoise Kelly

# MUSIC AT THE GARDEN GATE

I mBealtaine, tabharfaidh na ceoltóirí clúiteacha, Laoise Kelly (cruit) agus John Hoban (fidil, mandaiveidhil, amhráin agus níos mó), cuairt ar gheataí gairdíní líon teoranta daoine scothaosta réamhroghnaithe i gceantar Chaisleán an Bharraigh, ag tabhairt gliondar an cheoil chucu taobh amuigh dá mbailte. Cuirfidh na cuairteanna seo tús leis an tionscnamh, Compánaigh Chultúrtha, i Maigh Eo.

### Music at the Garden Gate - Léiriú Ar Líne

In ionad taibhiú beo, seinnfidh Laoise agus John ceol traidisiúnta agus amhráin ar líne ó Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh. Beidh an léiriú seo le feiceáil saor in aisce ar shuíomh gréasáin Ionad Ealaíon Halla an Línéadagh.

Is ceoltóir, amhránaí, scríbhneoir amhrán, agus file é John Hoban. Tá ceol seinnte agus múinte aige ar feadh a shaoil agus thaistil sé ar fud an domhain lena chuid ceoil.

Is í Laoise Kelly duine de phríomhchruitirí traidisiúnta na hÉireann. Tá trí albam aonair eisithe aici a bhfuil ardmholadh faighte acu agus is í stiúrthóir Fhéile Chruite Acla.

### Léiriú Ar Líne

**Dátaí:** 27 & 29 Bealtaine
**Am:** Ar fáil ó 2pm go 7pm
**Ardán:** www.thelinenhall.com

*Tá an tionscadal seo á chur i láthair i gcomhpháirt le hIonad Ealaíon Halla an Línéadaigh le tacaíocht ó Aoisbhá Mhaigh Eo agus Seirbhís Bhéilí ar Rothaí de chuid Ionad Seirbhísí Sóisialta Chaisleán an Bharraigh.*

*Is tionscnamh ealaíon é Compánaigh Chultúrtha arna fhorbairt ag Aostacht & Deiseanna.*

*Tá an feachtas seo, GO dTÉ TÚ SLÁN, á reáchtáil a bhuí le hÉire Shláintiúil, tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann, le maoiniú ó Chiste Éire Sláintiúil agus ó chiste Sláintecare, arna chur i láthair ag Pobal.*

In May, acclaimed musicians Laoise Kelly (harp) and John Hoban (fiddle, mando-cello, song and more) will visit the garden gates of a limited number of pre-selected older people in the Castlebar area, bringing the joy of music to outside their homes. These visits mark the starting point of a Cultural Companions initiative in Mayo.

### Music at the Garden Gate - On-line Performance

In lieu of a live performance Laoise and John will present an online performance of traditional music and song from the Linenhall Arts Centre. This performance will be available to view free of charge on the Linenhall Arts Centre website.

John Hoban is a musician, singer, songwriter, and poet. He has played and taught music all his life and has travelled all over the world with his music.

Laoise Kelly is one of Ireland's leading traditional harpers. She has three critically acclaimed solo albums and is the director of the Achill International Harp Festival.

### Online Performance

**Dates:** May 27 & 29
**Time:** Accessible from 2pm to 7pm
**Platform:** www.thelinenhall.com

*This project is delivered in partnership with the Linenhall Arts Centre and supported by Age Friendly Mayo and Castlebar Social Services Centre Meals on Wheels Service.*

*Cultural Companions is an arts initiative developed by Age & Opportunity.*

*This KEEP WELL campaign is brought to you with thanks to Healthy Ireland an initiative of the Government of Ireland with funding from the Healthy Ireland Fund and the Sláintecare fund delivered by Pobal.*



# THE RAINBOW TEXTILE PROJECT

Í 2020, D'oibrigh Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo i gcomhar leis an ealaíontóir teicstílí, Katie Moore, i léiriú an fhíseáin, *How to Make a Rainbow.* Tá fotheidil leis an bhfíseán ionas gur furasta leas a bhaint as. Siombail is ea na boghanna báistí a léiríonn tacaíocht do lucht oibre na líne tosaigh. San fhíseán, tugann Katie Moore an lucht féachana trí na céimeanna chun a mboghanna báistí féin a chruthú. Beidh na hábhair a liostaítear thíos ag teastáil chun an bogha báistí a dhéanamh, ach ná bí buartha mura bhfuil gach ceann acu agat, féadfaidh tú an bogha báistí a dhéanamh le hábhair atá agat.

**Na hábhair atá ag teastáil chun an bogha báistí a dhéanamh:**

- Olann bhán
- Olann dhaite
- Snáth
- Snáthaid
- Sreang
- Téip ghreamaitheach

Nuair atá do bhogha báistí déanta agat, féadfaidh tú é a thaispeáint san fhuinneog chun solas agus dathanna a thabhairt isteach i do spás féin agus isteach sa phobal.

Tá an nasc iomlán chuig an bhfíseán ar fáil anseo: https://vimeo.com/429204202 nó seol r-phost chugainn ag mayoarts@mayococo.ie chun an nasc a fháil.

*Rinneadh an físeán seo le tacaíocht ó Éire Ildánach.*

In 2020 Mayo County Council Arts Service collaborated with textile Artist, Katie Moore, in the production of a *How to Make a Rainbow* video. This video is subtitled for ease of use. Rainbows have become symbolic with supporting frontline workers. In the video, Katie Moore brings viewers through the steps of creating their own rainbows. You will need the materials listed below to make the rainbow but don't worry if you don't have all the items to hand, you can make the rainbow with materials you have.

**Materials needed to make the rainbow:**

- White wool
- Coloured Wool
- Thread
- Needle
- Wire
- Sellotape

When you have made your rainbow, you can display them in your window to bring some light and colour into your space and into the community.

Full link to video can be found here: https://vimeo.com/429204202 or e-mail us at mayoarts@mayococo.ie to receive the link

*This video was made with support from Creative Ireland.*



Folklore.ie
**Íomhá / Image:** John Gallagher

# PERSPECTIVES ON HOME

Bhuail an t-ealaíontóir agus an béaloideasóir, Michael Fortune, le grúpa daoine ar líne i Maigh Eo chun grianghraif agus scéalta a roinnt maidir le hearraí a d'aimsigh siad ina dtithe nó thart timpeall orthu i mí an Mhárta agus mí Aibreáin 2021. D'eascair comhráite as na hábhair a fuarthas, ina measc bhí seandrisiúir, uirlisí feirme agus gairdíní.

Tá cleachtadh maith ag fear Loch Garman, Michael Fortune, ar Mhaigh Eo. D'oibrigh sé sa chontae roimhe seo ar bhailiúchán béaloidis in 2008, agus in 2015-2016 ar Thionscadal na nDrisiúr Éireannach, nuair a rinne sé taifead ar dhrisiúir agus ar scéalta a bhain leo timpeall an chontae.

## Caint Ar Líne

Cuirfear na grianghraif agus na scéalta i láthair ag Ócáid Chainte ar Zoom. Do dhuine ar bith a bhfuil spéis acu in earraí dúchasacha, i stair agus i gcultúr ó bhéal, ar mian leo freastal ar an gcaint seo saor in aisce, cuir r-phost chuig mayoarts@mayococo.ie nó cuir glao ar 094 9064666 chun áit a chur in áirithe don ócáid.

**Dáta:** 21 Bealtaine
**Am:** 1pm
**Ardán:** Zoom

*Tá an feachtas seo, GO dTÉ TÚ SLÁN, á reáchtáil a bhuí le hÉire Shláintiúil, tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann, le maoiniú ó Chiste Éire Sláintiúil agus ó chiste Sláintecare, arna chur i láthair ag Pobal.*

Artist and folklorist Michael Fortune met with a group of people online in Mayo to share photographs and stories of items found in or around their homes during March and April 2021. Conversations evolved around the subjects which included old dressers, farm tools and gardens.

Wexford man Michael Fortune is no stranger to Mayo and has worked in the county in the past on a folklore collection in 2008 and in 2015-2016 on The Irish Dresser Project where he documented dressers and their stories around the county.

## Online Talk

The photographs and stories will be presented at a Talk Event on Zoom. For people with an interest in folk objects, history and oral culture, who would like to attend this free talk, please email mayoarts@mayococo.ie or call 094 9064666 to book your place for the event.

**Date:** 21 May
**Time:** 1pm
**Platform:** Zoom

*This KEEP WELL campaign is brought to you with thanks to Healthy Ireland an initiative of the Government of Ireland with funding from the Healthy Ireland Fund and the Sláintecare fund delivered by Pobal.*



# ARMCHAIR AZURE TOURS

Tá ríméad ar Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo, i gcomhar le Músaem nua-aimseartha na hÉireann, Gníomhaíocht Phobail maidir le Néaltrú i Maigh Eo agus ionaid ealaíon áitiúla, *Armchair Azure* a chur i láthair, sraith nua de thurais fhíorúla amharc-ealaíne saor in aisce, atá ionchuimsitheach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.

Dóibh siúd atá ag maireachtáil le néaltrú, is bealach inrochtana iad na turais fhíorúla amharc-ealaíne le sult a bhaint as ealaín ar líne. Turais uair an chloig is ea iad, agus beidh siad arna dtreorú ag éascaitheoir atá oilte maidir le bheith ionchuimsitheach do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu. Treorófar na rannpháirtithe trí rogha de shaothair amharc-ealaíne agus spreagfar comhrá agus freagairtí maidir le gach saothar. Cuirfear fáilte roimh rannpháirtithe agus spreagfar iad an turas a dhéanamh le ball den teaghlach, le cara nó le cúramóir. Chun páirt a ghlacadh i dturas, beidh rochtain idirlín de dhíth, mar aon le táibléad nó ríomhaire glúine le ceamara. Reáchtálfar na turais ar Zoom.

Le haghaidh breis faisnéise maidir leis na turais fhíorúla amharc-ealaíne nó chun turas a chur in áirithe, cuir r-phost chuig mayoarts@mayococo.ie nó cuir glao ar 094 9064666.

**Dátaí:** 4, 17 Bealtaine agus 7 Meitheamh
**Am:** 11am
**Ardán:** Zoom

*Tá an feachtas seo, GO dTÉ TÚ SLÁN, á reáchtáil a bhuí le hÉire Shláintiúil, tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann, le maoiniú ó Chiste Éire Sláintiúil agus ó chiste Sláintecare, arna chur i láthair ag Pobal.*

Mayo County Council Arts Service in collaboration with the Irish Museum of Modern Art, Community Action on Dementia Mayo and local arts venues is delighted to deliver Armchair Azure, a new series of free Dementia Inclusive virtual visual art tours.

For those living with dementia, the virtual visual art tours are an accessible way of engaging with art online. Tours are one-hour long and are guided by a trained dementia inclusive facilitator who will guide participants through a selection of visual artworks while actively encouraging conversation and responses to each work. Participants are welcome and encouraged to share and experience the tour with a family member, a friend or a carer. To join a tour you will need internet access and a tablet or laptop with a camera. The tours will take place on Zoom.

For further information about the virtual visual art tours or to book onto a tour, please email mayoarts@mayococo.ie or call 094 9064666.

**Dates:** May 4, 17 and June 7
**Time:** 11am
**Platform:** Zoom

*This KEEP WELL campaign is brought to you with thanks to Healthy Ireland an initiative of the Government of Ireland with funding from the Healthy Ireland Fund and the Sláintecare fund delivered by Pobal.*



Deirdre Walsh



Alice Dixon

# ARTIST MENTORING PROJECT

Chun Bealtaine na bliana seo a cheiliúradh, tá lúcháir ar Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo Tionscadal Idirghlúine um Meantóireacht Ealaíontóirí a chur ar fáil. Beidh Deirdre Walsh i mbun saothair le Alice Dixon.

Tá Deirdre Walsh ag cur fúithi i Maigh Eo agus is ann a bhíonn sí ag péinteáil. Tá sí ag obair i suíomhanna ealaíon agus cúraim sláinte ó 1993. Tá obair déanta aici in Ospideál an Chroí Ró-Naofa agus in aonad Néaltraithe, Naomh Anna, Caisleán an Bharraigh, áit a ndíríonn a cuid oibre ar bheith ag 'bualadh leis an ealaíontóir ar bhonn aonair'. Bhí baint aici le dhá fhoilseachán de chuid Sheirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo; Creative Reverie agus Between Colours.

Is ealaíontóir agus comhordaitheoir oibre don óige í Alice Dixon. Oibríonn sí le Involve Youth Arts Project i mBéal an Átha do dhaoine óga, as pobal an lucht siúil den chuid is mó, áit a dtugann na cláir spreagadh do dhaoine óga páirt a ghlacadh in oideachas agus i bhforbairt phearsanta. Rinne Alice an grúpa Art and Movement de chuid Down Syndrome Ireland Mhaigh Eo a chomhbhunú in 2018.

Beidh mórán seisiún meantóireachta ag Deirdre agus Alice le chéile, ag tosú i mí na Bealtaine chun tús a chur le féile Bhealtaine.

For this year's Bealtaine Celebrations, Mayo County Council Arts Service is delighted to offer an intergenerational Artist Mentoring Project. Deirdre Walsh will work with Alice Dixon.

Deirdre Walsh lives and paints in Mayo. She has worked in arts and healthcare settings since 1993. She has worked in the Sacred Heart Hospital and St. Anne's Dementia Unit, Castlebar where her work focuses on 'meeting the artist in the individual'. She was involved in two Mayo County Council Arts Service publications; Creative Reverie and Between Colours.

Alice Dixon is an artist and youth work coordinator. She works with Involve Youth Arts Project in Ballina with young people mainly from the traveller community where programmes encourage young people to continue to participate in education and personal development. Alice co-founded Down Syndrome Ireland Mayo's Art and Movement group in 2018.

Deirdre and Alice will have several mentoring sessions together beginning in May to mark the beginning of Bealtaine.



Na Cailleacha Panel discussion, Ballina Arts Centre



Performance video still: Stone Sounding, Ballinglen 2020

## NA CAILLEACHA: *Dawn to Dusk* Film Screening

Is grúpa d'ochtar ban-ealaíontóirí iad na Cailleacha, a tháinig le chéile agus iad ar thréimhse chónaithe i bhFondúireacht Ealaíon Bhaile an Ghleanna, Baile an Chaisil, Maigh Eo i mí Mheán Fómhair 2020, chun a ndearcthaí a fhiosrú maidir le dul in aois, a gcoirp, an áit atá acu i saol na healaíne agus an ceangal atá acu le cultúr agus le hoidhreacht mar mhná breacaosta.

Sa scannán faisnéise leis an déantóir scannán, Therry Rudin, leanadh an comharghrúpa agus iad ag aistriú isteach sa chéim seo dá saol oibre.

Taispeánfar an scannán faisnéise mar chuid d'Fhéile Bhealtaine 2021.

**Dáta:** 28 Bealtaine
**Am:** 12 meán lae
**Ardán:** Ealaíona Mhaigh Eo Facebook
@mayo.artsOffice

Na Cailleacha is a group of eight female artists who came together on a residency in Ballinglen Arts Foundation, Ballycastle, Mayo in September 2020 to explore their attitudes to ageing, their bodies, their place in the artworld and how they relate to culture and heritage as older women.

Film maker Therry Rudin's documentary followed the collective as they moved into this phase of their working lives.

The resulting documentary will be screened as part of the Bealtaine Festival 2021.

**Date:** 28 May
**Time:** 12 Noon
**Platform:** Mayo Arts Facebook
@mayo.artsoffice



# THE MEMORIES PROJECT

Cuirfidh an t-ealaíontóir, Elaine Mears, tús le scéalta agus cuimhní cinn a bhailiú ó dhaoine i Meitheamh 2021.

Tabharfar leid don chuimhne cinn leis an gceist seo:

Dá mba rud é nach raibh cead agat ach rud amháin a choinneáil, a bhfuil ceangal maoithneach agat leis, cén rud a roghnófá, agus cén fáth? Beidh na scéalta fite fuaite i bpíosa ealaíne a thaispeánfar ag Ionad Ealaíon Halla an Línéadaigh, Caisleán an Bharraigh, Maigh Eo i ngeimhreadh 2021.

Más mian leat páirt a ghlacadh sa tionscadal seo, déan teagmháil le 094 90 64666 nó mayoarts@mayococo.ie

*Tá an tionscadal seo arna thacú ag Éire Ildánach*.

Artist Elaine Mears will begin gathering of stories and memories from people in June 2021.

The memory will be prompted by this question: If you were allowed to keep only one object that you have a sentimental attachment to, what would that object be, and why?

Stories will be interwoven into a piece of art which will be shown at the Linenhall Arts Centre, Castlebar, Mayo in winter 2021.

If you would like to get involved in this project, please contact 094 90 64666 or mayoarts@mayococo.ie

*This project is supported by Creative Ireland.*



Alice Maher



Breda Burns



Anthony Foutz



Lorcan Hynes

# IN CONVERSATION SERIES

Sa tsraith seo cuirfear ealaíontóirí as Maigh Eo i láthair agus a saothar á phlé agus a n-eispéiris chruthaitheacha á roinnt acu. Reáchtálfar na comhráite ar líne via Zoom i rith mhí na Bealtaine.

Le haghaidh faisnéise maidir le háirithintí, déan teagmháil le mayoarts@mayococo.ie

Bí i gcomhluadar na nAmharc-Ealaíontóirí, Alice Maher agus Breda Burns, ar an 5 Bealtaine ag 12 meán lae.

Is ealaíontóir comhaimseartha Éireannach í Alice Maher a oibríonn i meáin éagsúla, lena n-áirítear dealbhóireacht, grianghrafadóireacht agus suiteán. Is amharc-ealaíontóir/ealaíontóir fuaime í Breda Burns atá lonnaithe i gCathair na Mart, a oibríonn i meáin éagsúla agus i dtionscadail idirdhisciplíneacha.

**Dáta:** 5 Bealtaine
**Am:** 12 meán lae
**Ardán:** Zoom

Bí i gcomhluadar na nDéantóirí Scannán, Anthony Foutz agus Lorcan Hynes, ar an 26 Bealtaine ag 12 meán lae. Is saoránach Éireannach é an scríbhneoir/stiúrthóir, Anthony Foutz, a rugadh in Hollywood, agus a bhfuil 50 bliain de thaithí idirnáisiúnta aige i scannánaíocht chultais agus chlasaiceach. Is Stiúrthóir Éireannach as Maigh Eo é Lorcan Hynes, atá ar dhuine de phríomhstiúrthóirí tráchtála na hÉireann faoi láthair. Fuair sé gradam Éire Ildánach de chuid Film Mayo in 2020.

**Dáta:** 26 Bealtaine
**Am:** 12 meán lae
**Ardán:** Zoom

This series presents artists from Mayo discussing their work and shared creative experiences. Conversations will take place online via Zoom during the month of May.

For booking information contact mayoarts@mayococo.ie

## In conversation - Alice Maher and Breda Burns


Join Visual Artists Alice Maher and Breda Burns on May 5 at 12 noon. Alice Maher is a contemporary Irish artist working in a variety of media, including sculpture, photography and installation. Breda Burns is an audio/visual artist based in Westport, working in a variety of media and interdisciplinary projects

**Date:** May 5
**Time:** 12pm
**Platform:** Zoom

## In Conversation - Anthony Foutz and Lorcan Hynes

Join Filmmakers Anthony Foutz and Lorcan Hynes on May 26 at 12 noon. Anthony Foutz is a Hollywood born Irish citizen writer/director with 50 international years in cult and classic cinema. Lorcan Hynes is an Irish Director from Mayo who is currently among Ireland's leading commercial directors. He is the Film Mayo Creative Ireland 2020 recipient.

**Date:** May 26
**Time:** 12pm
**Platform:** Zoom



Terry McDonagh

# THE POETRY LINE

Beidh an file, Terry McDonagh, i mbun na Líne Filíochta ar thrí mhaidin ag deireadh mhí na Bealtaine. Más mian leat labhairt le Terry maidir le filíocht, cén fáth nach gcuireann tú glao gutháin in áirithe?

Seolfaidh Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo cuid d'fhilíocht Terry chugat roimh ré ionas go mbeidh tú in ann í a léamh ar do chaoithiúlacht. Faigh cupán caife duit féin agus labhair le Terry faoin bhfilíocht.

Mhúin an file agus an drámadóir, Terry McDonagh, scríbhneoireacht chruthaitheach ag Ollscoil Hamburg agus glacann sé páirt in imeachtaí litríochta ar fud an domhain. Tá aon chnuasach déag filíochta foilsithe aige.

Chun áit a chur in áirithe, déan teagmháil le 094 90 64367 nó seol r-phost chuig mayoarts@mayococo.ie. Níl ach spásanna teoranta ar fáil, agus déanfar iad a leithdháileadh ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce.

Tá ceithre cinn de shliotáin 30 nóiméad ar fáil ar gach dáta.

**Dátaí:** 26, 27 & 28 Bealtaine

*Tá an feachtas seo, GO dTÉ TÚ SLÁN, á reáchtáil a bhuí le hÉire Shláintiúil, tionscnamh de chuid Rialtas na hÉireann, le maoiniú ó Chiste Éire Sláintiúil agus ó chiste Sláintecare, arna chur i láthair ag Pobal.*

Poet Terry McDonagh will be operating the Poetry Line on three mornings at the end of May. If you would like to chat to Terry about poetry, why not book a phone call.

Mayo County Council Arts Service will send you some of Terry's poetry beforehand so you can have a read of them in your own time. Why not grab a cuppa and have a poetry chat with Terry. Poet and dramatist, Terry McDonagh, taught creative writing at Hamburg University and takes part in literary events worldwide. He has published eleven poetry collections.

To book a place please contact 094 90 64367 or e-mail mayoarts@mayococo.ie. There are limited spaces available, and they will be allocated on a first come, first served basis.

We have 4 thirty - minute slots available on each date.

**Dates:** May 26, 27 & 28

*This KEEP WELL campaign is brought to you with thanks to Healthy Ireland an initiative of the Government of Ireland with funding from the Healthy Ireland Fund and the Sláintecare fund delivered by Pobal.*

## Bealtaine 2021 i Maigh Eo

***An dteastaíonn uait a fháil amach cad eile a bheidh ag tarlú le haghaidh Bealtaine?***

Téigh chuig **www.bealtaine.ie** le haghaidh liosta na n-imeachtaí. Beidh imeachtaí Bhealtaine ar siúl sna hionaid ealaíon seo a leanas i rith mhí na Bealtaine. Déan teagmháil dhíreach leis an ionad le haghaidh sonraí iomlána.

## Bealtaine 2021 in Mayo

***Wondering what else is happening for Bealtaine?***

Check out **www.bealtaine.ie** for events listings. The following Mayo arts venues have Bealtaine events taking place during the month of May. Please contact the venue directly for full details.

### Áras Inis Gluaire

097-81079 | info@arasinisgluaire.ie |www.arasinisgluaire.ie

### Ballinglen Arts Foundation

096-43184 | ballinglenarts@gmail.com |www.ballinglenartsfoundation.org

### Linenhall Arts Centre

094-9023733 | info@thelinenhall.com |www.thelinenhall.com



# Tuilleadh Eolais

Seirbhís Ealaíon Chomhairle Contae Mhaigh Eo,
mayoarts@mayococo.ie
094 90 64666 /094 90 64367
**www.mayo.ie/arts**

# Further Information

Mayo County Council Arts Service,
mayoarts@mayococo.ie
094 90 64666 /094 90 64367
**www.mayo.ie/arts**

Keep Well Mayo During Covid -19
**www.mayo.ie/keepwell**

Is tionscnamh straitéiseach comhroinnte é an clár, Na hEalaíona & Dul in Aois, de chuid Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus na Comhairle Ealaíon.

Keep Well Mayo During Covid -19
**www.mayo.ie/keepwell**

The Arts & Aging programme is a shared strategic initiative of Mayo County Council and the Arts Council.

Íomhá chlúdaigh le Catherine Donnelly

Cover image by Catherine Donnelly